Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13189/23
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0205(COD)**

CODEC 1632
TRANS 364
AVIATION 169
ENV 1010
ENER 503
IND 482
COMPET 897
ECO 63
RECH 405
CLIMA 410
RELEX 1075

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Ostair, ón mBeilg, agus ó Lucsamburg**

Beidh ról lárnach ag Breoslaí Inbhuanaithe Eitlíochta i ndícharbónú na hearnála eitlíochta agus i mbaint amach na spriocanna atá leagtha síos maidir le hastaíochtaí a laghdú. Mholamar i gcónaí dá bhrí sin spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach agus bailchríoch a chur go pras ar an sainchomhad tábhachtach seo le linn an phróisis reachtaigh. Ní dheachamar ar chúl scéithe leis riamh, sa chomhthéacs sin, go rabhamar in éadan breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin agus hidrigin ísealcharbóin a áireamh, ós rud é gur mór idir iad agus spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, agus, lena chois sin, nach bhfuil na breoslaí sin ag luí le sainmhínithe na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

Is mór is oth leis an Ostair, leis an mBeilg agus le Lucsamburg gur cuireadh isteach ‘breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin’ agus ‘hidrigin ísealcharbóin’ san áireamh. De mheon an chomhréitigh, áfach, féadfaimid glacadh leis an téacs comhréitigh.